



An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán 0035/2025

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna
Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta**

Agus

Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

**Clár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí do
Mhúinteoirí Oideachais Speisialta, 2025/2026**



Réamhrá

Chun cuidiú leis na scoileanna agus seirbhísí oideachais uile freastal ar riachtanais na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, beidh clár dioplóma iarchéime um fhorbairt ghairmiúil múinteoirí á thairiscint do mhúinteoirí i mí Mheán Fómhair 2025.

Clár 2025/2026

Sa scoilbhliain 2025/2026, beidh an clár dioplóma iarchéime seo um Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí á thairiscint sna hionaid seo a leanas.

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Oideachais DCU, Campas Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9
Áiteanna ar fáil: 115
- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach
Places Available: 50
- Ollscoil na Gaillimhe, Gaillimh, An Scoil Oideachais, Gaillimh
Áiteanna ar fáil: 30
- OTA San Aingeal, Loch Gile, Sligeach
Áiteanna ar fáil: 50
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Scoil Oideachais Chorcaí, Corcaigh
Áiteanna ar fáil: 25
- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, An Scoil Oideachais, Belfield, Baile Átha Cliath 4
Áiteanna ar fáil: 25

Maoiniú

Cuireann Rannóg um Oideachas Múinteoirí na Roinne Oideachais maoiniú ar fáil do na cláir sna Coláistí/Ollscoileanna thuas do gach ionad.

Aidhm agus Ábhar

Is é aidhm an chlár forbairt ghairmiúil múinteoirí theoriciúil agus phraiticiúil shubstantiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag obair le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus, ar an gcaoi sin, cur le cumas foriomlán na scoile sa réimse seo. Bronnfaidh na Coláistí/Ollscoileanna lena mbaineann cáilíochtaí ar rannpháirtithe ar éirigh leo an clár a chur i gcrích. **Déanfar measúnú ar na rannpháirtithe ar bhonn freastal iomlán ar ionad an chlár, ar bhonn tascanna roghnaithe agus**



tascanna scríofa (agus scrúduithe nuair is iomchuí) a bheith curtha i gcrích go rathúil acu, ar bhonn maoirseachta ar a gcuid oibre i scoileanna/ionaid agus ar bhonn na meastóireachta deiridh. Cuirfidh an Coláiste/Ollscoil ar leith tuilleadh sonraí ar fáil d'iarratasóirí.

Fad agus Eagrú

Maireann na cláir ar feadh bliana acadúla amháin. **Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh scaoileadh ocht seachtaine san iomlán ann ó scoileanna/ionaid** chun freastal ar an ionad cláir ábhartha agus beidh teagasc i suíomhanna oideachais na rannpháirtithe féin i gceist leis an gcuid eile den bhliain. Beidh éagsúlachtaí ann idir na Coláistí/Ollscoileanna rannpháirteacha i dtéarmaí eagrúcháin, measúnaithe agus theideal na ndámhachtainí. Soláthraíonn gach ceann de na cláir thíos cáilíochtaí atá aitheanta ag an Roinn Oideachais i réimse an oideachais speisialta do mhúinteoirí sna ról seo a leanas: Múinteoir Oideachais Speisialta (MOS), Múinteoir i Scoil Speisialta agus Múinteoir i Rang Speisialta i mBunscoileanna, in Iar-bhunscoileanna nó i Suíomhanna Oideachais aitheanta eile.

Tá eolas maidir le conas iarratas a dhéanamh chuig gach ceann de na Coláistí/Ollscoileanna san áireamh thíos. Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais tríd an bPost.

Coláistí/Ollscoileanna

Institiúid Oideachais DCU, Campas Phádraig DCU, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, DO9DYOO (www.dcu.ie)

Mar thoradh ar an gclár seo atá curtha ar fáil ag Scoil an Oideachais Chuimsithigh agus an Oideachais Speisialta, bronnfar Diplóma Iarchéime san Cuimsitheach agus san Oideachas Speisialta. Maireann an cúrsa ó Mheán Fómhair 2025 go Bealtaine 2026 agus is é atá i gceist leis ná múnla cumaiscthe seachadta ina bhfuil blocscaoileadh ón scoil/ón ionad (ar feadh ocht seachtaine san iomlán i rith na bliana acadúla), foghlaim ar líne, agus freastal ar dheich rang oíche ar líne ar a mhéad, agus obair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí féin. Chun páirt a ghlacadh sa chlár, beidh rochtain ar ríomhaire agus ar idirlíon leathanbhanda de dhíth ar mhúinteoirí. Forbraíodh saineolas ar leith laistigh den chlár a bhaineann le cuimsiú scoláirí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta agus in ionaid oideachais eile.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar <https://www.dcu.ie/courses/postgraduate/institute-education/graduate-diploma-inclusive-and-special-education> agus in Aguisín 2. Ba chóir d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais ar líne atá ar fáil ag www.dcu.ie/qdise. Lean na



teoracha ar líne, le do thoil, agus cinntigh go bhfuil an t-eolas ar fad is gá ar fáil sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas iarratais seo.

Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach, V94VN26
(www.mic.ul.ie)

Mar thoradh ar an gclár seo, atá á chur ar fáil ag an Roinn Síceolaíochta Oideachais, Oideachais Chuimsithigh agus Speisialta, bronnfar Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta Cuimsitheach, atá creidiúnaithe ag Ollscoil Luimnigh. Beidh an cúrsa ar siúl ó Mheán Fómhair 2025 go Bealtaine 2026 agus is é atá i gceist leis ná blocscaoileadh ón scoil/ó ionad ar feadh tréimhsí ainmnithe (ocht seachtaine san iomlán i rith na bliana acadúla), agus ceithre Shatharn, agus obair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí féin. Cuimsíonn an cúrsa cuir chuige seachadta chumaiscthe agus beidh rochtain ar leathanbhanda agus ar ríomhaire ag teastáil ó mhúinteoirí. Tá tuilleadh sonraí agus nasc chuig an bpróiseas iarratais ar líne ar fáil ag <https://www.mic.ul.ie/faculty-of-education/programme/graduate-diplomam-ed-in-special-education> agus ní mór na hiarratais a chur ar ríomhphost chuig PGDISE@mic.ul.ie. Ba chóir do gach iarratasóir iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais ar líne agus an t-eolas riachtanach go léir a bheith ar fáil sula gcuirtear tús leis an bpróiseas iarratais ar líne. Tá sonraí teagmhála ar fáil in Aguisín 2.

Ollscoil na Gaillimhe, Gaillimh (<https://www.universityofgalway.ie>)

Mar thoradh ar an gclár seo, a chuireann an Scoil Oideachais ar fáil, bronnfar Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta. Beidh sé ar siúl ó Mheán Fómhair 2025 go dtí mí na Bealtaine 2026 agus is éard atá i gceist leis scaoileadh ó scoileanna/ionaid do bhlothréimhsí ainmnithe (ocht seachtaine san iomlán i rith na bliana acadúla). Ina theannta sin, beidh ar mhúinteoirí freastal ar léachtaí agus ar cheardlanna ar cheithre Shatharn ar a mhéad. Baintear úsáid as samhail seachadta chumaiscthe a bhaineann le freastal ar an ollscoil agus foghlaim ar líne. Cuimsíonn an clár freisin obair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí féin agus staidéar leanúnach tacaíochta i rith na bliana. Tá tuilleadh eolais agus an fhoirm iarratais ar fáil ar: [Special Educational Needs \(PDip\) - University of Galway](#) agus ní mór iarratais a chur ar ríomhphost chuig pdsen@universityofgalway.ie. Tá na sonraí teagmhála ar fáil in Aguisín 2.

OTA San Aingeal Sligeach (www.atu.ie)

Is é an tlonad um Riachtanais Speisialta Oideachais, Cuimsiú agus Éagsúlacht (CSENID) a eagraíonn an clár seo agus bronnar Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta mar thoradh air,



atá creidiúnaithe ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Beidh sé ar siúl ó Mheán Fómhair 2025 go dtí mí na Bealtaine 2026. De ghnáth, bíonn an clár bunaithe ar chur chuige comhcheangailte de bhlocscaoileadh ón scoil/ionad ar feadh ocht seachtaine san iomlán i rith na bliana acadúla. Chomh maith leis sin, tá ceithre Shatharn ar a mhéad a eagraítear go fíorúil. San áireamh sa chlár freisin, tá foghlaim ar líne agus fhéintreoraithe, chomh maith le hobair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí féin. Ba chóir d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais ar líne, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: [Special Education - Atlantic Technological University](https://www.atu.ie/special-education). Cinntigh go bhfuil an t-eolas riachtanach ar fad ar fáil sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas iarratais ar líne. Is féidir fiosrúithe a chur chuig csenid.stangelas@atu.ie. Tá sonraí teagmhála ar fáil in Aguisín 2.

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (www.ucc.ie)

Is í an Scoil Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, a chuireann an clár seo ar fáil agus bronnfar Diplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta mar thoradh air. Beidh sé ar siúl ó Mheán Fómhair 2025 go Bealtaine 2026 agus beidh blocscaoileadh ocht seachtaine san iomlán i gceist leis ón scoil/ón ionad, ceithre Shatharn (duine le duine agus/nó ar líne) agus obair faoi mhaoirseacht i scoil/ionad an mhúinteora féin. Ní ghlacfar ach amháin le hiarratais ar líne. Féach an tairseach iarratais ar líne, ar féidir rochtain a dhéanamh air tríd an gcuid faoin gclár PDSEN ar shuíomh gréasáin Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. <https://www.ucc.ie/en/study/postgrad/taughtcourses/pgdip/specialed/>

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4 (www.ucd.ie)

Mar thoradh ar an gclár seo, a chuireann an Scoil Oideachais ar fáil, bronnfar an Diplóma Iarchéime san Oideachas Cuimsitheach agus Speisialta. Beidh an cúrsa ar siúl ó Mheán Fómhair 2025 go Bealtaine 2026 agus cuimsíonn sé blocscaoileadh ón scoil/ón ionad ar feadh ocht seachtaine san iomlán (ceithre seachtaine gach seimeastar). **Lasmuigh den am seo, b'fhéidir go mbeidh seisiún um thráthnóna ar líne ó am go chéile agus idir dhá Shatharn ar a laghad agus ceithre Shatharn ar a mhéad de cheardlanna agus seimineáir chomhoibríocha, agus obair faoi mhaoirseacht i scoil/in Ionad an rannpháirtí éilí féin.** Múintear an clár ag baint úsáid as cur chuige foghlama cumaiscthe, ina bhfuil meascán d'fhoghlaim duine le duine agus ar líne. San áireamh i struchtúr an chlár tá cúig mhodúl éigeantacha, a thugann bunús láidir do na rannpháirtithe sa teagasc teoiriciúil atá bunaithe ar thaighde, agus forbairt scileanna gairmiúla ina bhfuil siad in ann obair go hionchuimsitheach le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ag baint úsáid as an bhfoirm iarratais leictreonach atá ar fáil le híoslódáil ag



[https:// www.ucd.ie/education/study/diplomaprogrammes/](https://www.ucd.ie/education/study/diplomaprogrammes/). Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú go leictreonach agus a chur ar ríomhphost chuig educationenquiries@ucd.ie ar nó roimh dháta deiridh an iarratais. Tá eolas faoin gcúrsa ar fáil ar: [Graduate Diploma Inclusive & Special Education](#). Is féidir fiosruithe a chur ar aghaidh chuig educationenquiries@ucd.ie .

Incháilitheacht

Tabhair faoi deara nach mór do gach múinteoir a bheith cláraithe de réir Alt 31 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001-2015. Féach ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie le haghaidh tuilleadh eolais. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil fianaise go bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích acu ag teastáil chun páirt a ghlacadh sa chúrsa. Tá an clár seo oscailte do gach múinteoir atá ag fónamh agus atá fostaithe i bpost atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus a chuireann Teagasc Oideachais Speisialta ar fáil i mBunscoileanna, in Iar-bhunscoileanna, agus i Suíomhanna Oideachais aitheanta eile.

Tá an clár deartha go sonrach chun tacú le múinteoirí agus iad ag ullmhú don teagasc agus chun freastal ar riachtanais foghlama scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Dá bhrí sin, ní mór d'iarratasóirí féideartha ról múinteoireachta ainmnithe a bheith acu maidir le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Agus múinteoir á (h)ainmniú chun páirt a ghlacadh ann, ní mór do phríomhoide na scoile gealltanais a thabhairt go mbainfear feidhm as an múinteoir/ go ndéanfar an múinteoir a sceidealú chun teagasc a dhéanamh i ról speisialta oideachais ar feadh fhad ama an chlár agus ar feadh tréimhse réasúnta amach anseo, de réir riachtanais na scoláirí sa scoil.

Féach na ciorcláin atá liostaithe in Aguisín 1 le haghaidh eolais faoi na cáilíochtaí atá riachtanach do phoist Teagasc um Oideachas Speisialta ag na leibhéil Bunscoile agus Iar-bhunscoile agus na cáilíochtaí atá riachtanach chun teagasc a dhéanamh i Scoileanna Speisialta.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mór do mhúinteoirí 11 uair an chloig ar a laghad de Theagasc Oideachais Speisialta (MOS) a bheith leithroinnte ar an scoil ag an Roinn Oideachais ar a n-amchláir sheachtainiúla. D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm grúpa beag aonair nó tacaíocht sa rang do na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.



Bunscoil

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin¹ a chur ar aghaidh ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má tá an réimse “Bealach” folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun múineadh san earnáil phríomhshrutha bunscoile nó chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mhúineadh.

Ba chóir d’iarratasóirí ó Bhunscoileanna próiseas aitheanta ionduchtúcháin a bheith curtha i gcrích go rathúil acu de réir na riachtanas atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta agus post a bheith acu i bpost ceadaithe i réimse oideachais speisialta nó a bheith ag glacadh lena leithéid de phoist i mí Mheán Fómhair 2025. Chun críche an chúrsa, beidh ar mhúinteoirí réimse clár a chur ar fáil a bhaineann le foghlaim agus teagasc scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ní mór tréimhsí ina bhfuil siad ag obair le grúpaí beaga daltaí atá eagraithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais speisialta oideachais aitheanta a bheith san áireamh i dtráthchláir na múinteoirí. Is féidir cleachtais chomhoibríocha sna ranganna a chomhcheangal le tacaíocht grúpaí beaga.

Iar-Bhunscoil

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin (féach fonóta 1 thíos) a chur ar aghaidh ón gComhairle Mhúinteoireachta agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má tá an réimse “Bealach” folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun múineadh san earnáil phríomhshrutha iar-bhunscoile nó chun scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san earnáil iar-bhunscoile a mhúineadh. Ba chóir go mbeadh próiseas aitheanta ionduchtúcháin curtha i gcrích go rathúil ag iarratasóirí ó Iar-bhunscoileanna de réir na riachtanas atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta: [The-Teaching-Council-Practice-Procedures-and-Criteria.pdf](#)

Tá fáilte roimh iarratais ó scoileanna/ionaid dara leibhéal aitheanta ar leithdháileadh tacaíochtaí teagasc oideachais speisialta orthu nó inar ceadaíodh ranganna speisialta go hoifigiúil. Ní mór don duine ainmnithe a bheith ina m(h)úinteoir atá incháilithe le post buan a bheith aige/aici i scoileanna

¹ Tá na Teastais Clárúcháin ar fáil le híoslódáil ach logáil isteach go dtí an Chuid faoi Mo Chlárú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta <https://www.teachingcouncil.ie/ga/>



dara leibhéal aitheanta. **Le bheith incháilithe don chlár, ní mór go mbeadh 11 uair an chloig ar laghad d'uaireanta teagaisc oideachais speisialta in aghaidh na seachtaine ar an tráthchlár do mhúinteoirí, ina bhféadfadh tacaíocht comhtheagaisc / sa rang a bheith san áireamh do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.** Ba chóir go mbeadh am teagaisc díreach i gceist leis seo agus gan am comhairliúcháin/pleanála a bheith san áireamh. D'fhéadfaí iarraidh ar mhúinteoirí nach bhfuil in ann tráthchlár a chur ar fáil ina léirítear **11 uair an chloig ar a laghad d'am tiomnaithe MOS** nuair a thosaíonn siad an cúrsa tarraingt siar ón gclár faoi rogha an tsoláthraí. Beidh ar mhúinteoirí réimse clár a sheachadadh a bhaineann le freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ní mór go n-áireofaí i dtráthchlár na múinteoirí tréimhsí ina bhfuil siad ag obair le grúpaí beaga scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta aitheanta acu. Is féidir cleachtais chomhoibríocha sna ranganna a chomhcheangal le tacaíocht grúpaí beaga. Ba cheart ceithre thréimhse ranga ar a laghad a leithdháileadh ar dhaoine aonair nó ar ghrúpaí nach mó ná seisear scoláirí a mhúineadh. San áireamh sna huaireanta MOS ba chóir go mbeadh tréimhsí ann ina mbíonn an múinteoir ag obair le grúpaí seasmhacha gach seachtain i.e. uaireanta MOS rialta le grúpaí de 3-6 fhoghlaimeoir. Sna huaireanta MOS ba chóir go mbeadh tacaíocht ar fáil trasna níos mó ná réimse foghlama amháin e.g. litearthacht, cumarsáid agus teanga, uimhearthacht, foghlaim shóisialta agus mhothúcháin, etc. Chomh maith leis an 11 uair an chloig MOS atá leagtha amach thuas, ba cheart am a chur ar fáil le dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le comhghleacaithe.

Scoileanna Speisialta

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur ar aghaidh (féach fonóta 1 ar leathanach 7) ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má tá an réimse "Bealach" folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach le múineadh sna hearnálacha príomhshrutha bunscoile nó iar-bhunscoile nó chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mhúineadh san earnáil bhunscoile nó iar-bhunscoile nó chun múineadh i suíomhanna scoile speisialta.

Ba chóir go mbeadh próiseas aitheanta ionductúcháin curtha i gcrích go rathúil ag iarratasóirí ó Scoileanna Speisialta de réir na riachtanas atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta agus post ceadaithe a bheith acu i Scoil Speisialta nó a bheith ag glacadh lena leithéid de phoist i mí Mheán Fómhair 2025.



Suíomhanna Oideachais Eile

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur ar aghaidh (féach fonóta 1 ar leathanach 7) ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má tá an réimse “Bealach” folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach le múineadh sna hearnálacha príomhshrutha bunscoile nó iar-bhunscoile nó chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mhúineadh sna hearnálacha bunscoile nó iar-bhunscoile. Ní mór d’iarratasóirí próiseas aitheanta ionductúcháin a bheith curtha i gcrích go rathúil acu de réir na riachtanas atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta agus a bheith aitheanta mar dhuine incháilithe do cheapachán buan i mbunscoil, in iar-bhunscoil nó i scoil speisialta.

Tá fáilte roimh iarratais ó mhúinteoirí cáilithe atá fostaithe ag BOOanna mar theagascóirí litearthachta agus/nó uimhearthachta i dTeagmháil Ógtheagmhála, i dTionscadail Phobail nó sa tSeirbhís Phríosúin agus ar a sanntar teagasc a dhéanamh i ról oideachais speisialta ar feadh 11 uair an chloig ar a laghad sa tseachtain. Ba chóir go mbeadh am teagasc díreach i gceist leis seo agus gan am comhairliúcháin/pleanála a bheith san áireamh. D’fhéadfaí iarraidh ar mhúinteoirí nach bhfuil in ann tráthchlár a chur ar fáil ina léirítear 11 uair an chloig ar a laghad d’am tiomnaithe MOS nuair a thosaíonn siad an cúrsa tarraingt siar ón gclár faoi rogha an tsoláthraí. Ba cheart ceithre thréimhse ranga ar a laghad a leithdháileadh ar dhaoine aonair nó ar ghrúpaí nach mó ná seisear scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mhúineadh. Ba cheart am breise a chur ar fáil freisin le dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le comhghleacaithe. San áireamh sna huaireanta MOS ba chóir go mbeadh tréimhsí ann ina mbíonn an múinteoir ag obair le grúpaí seasmhacha gach seachtain i.e. uaireanta MOS rialta le grúpaí de 3-6 fhoghlaimeoir. Sna huaireanta MOS ba chóir go mbeadh tacaíocht ar fáil trasna níos mó ná réimse foghlama amháin e.g. litearthacht, cumarsáid agus teanga, foghlaim shóisialta agus mhothúcháinach, etc.

Iarratais agus Roghnú

Ní mór na hiarratais a chur isteach go dtí do rogha Coláiste nó Ollscoile faoi **5pm ar an 6ú Meitheamh 2025**.

Tabharfar tús áite do mhúinteoirí a chomhlíonann na critéir agus nár chuir clár iarchéime i gcrích den chineál céanna do mhúinteoirí de scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá aitheanta



ag an Roinn Oideachais.

Go ginearálta, ní bhreithneofar ach aon iarratas amháin in aghaidh na Scoile/an Ionaid. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go n-éilíonn roinnt institiúidí ar iarratasóirí freastal ar agallamh.

Tá sé beartaithe, ar na cláir sin a ghlacann le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, go leithdháilfear líon cothrom áiteanna ar gach grúpa ach go bhféadfaí an cóimheas a mhodhnú mar fhreagairt ar éileamh agus ar chúinsí áitiúla. Is faoi údaráis an Choláiste/na hOllscoile a bheidh roghnú na rannpháirtithe ó na hiarratasóirí incháilithe.

Táillí an Chláir Fees

Ní ghearrfar aon táille ná muirear clárúcháin ar iarratasóirí incháilithe faoi théarmaí an Chiorcláin seo.

Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar aon laethanta saoire pearsanta breise (EPV) i ndáil le freastal ar an gClár.



Ionadú

Ceadófar ionadú, nach mór d'údarás bainistíochta na scoile/an BOO a cheadú. Ní mór a mheas go bhfuil an t-ionadú riachtanach chun tréimhsí faofa neamhláithreachta an mhúinteora ó dhualgas múinteoireachta a chlúdach chun ligean dó/di a bheith i láthair ar an gcúrsa. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcuirfidh an Roinn Oideachais clúdach ionadaíochta íoctha ar fáil nuair a ghlacann múinteoir saoire phearsanta le linn na gné den chlár a bhaineann le blocscaoileadh.

Socruithe Tuarastail

Leanfaidh gach múinteoir atá ar bhlocscaoileadh faoi théarmaí an Chláir seo ag fáil tuarastail ar an ngnáthbhealach. Tabhair faoi deara nach mbeidh aon teidlíocht ar luach saothair breise ón Roinn Oideachais mar thoradh ar an gclár seo a chur i gcrích go rathúil.

Taisteal agus Cothabháil

Tabhair do d'aire nach n-aisíocfar aon speansais taistil ná chothabhála a thabhóidh rannpháirtithe sa Chlár is ábhar don Chiorclán seo.

Clár Máistreachta

Iad siúd a n-éiríonn leo an Clár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta a chur i gcrích go rathúil, agus a chomhlíonann na riachtanais iontrála, tá siad i dteideal cead isteach a lorg ar chlár Máistreachta a chuirtear ar fáil trí na hinstitiúidí ardoideachais (IAOanna) atá liostaithe thuas. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na n-institiúidí aonair, a bhfuil sonraí fúthu ar fáil in Aguisín 2.

Noreen Finnegan

Príomhoifigeach

12 Bealtaine 2025



AGUISÍN 1

Tá na hImlitreacha seo a leanas ar fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais.

<https://www.gov.ie/oideachas>

<u>007/2019</u>	Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Príomhshrutha Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta
<u>008/2019</u>	Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta na nIar-Bhunscoileanna go léir: Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna. Leithdháileadh do Theagasc Oideachais Speisialta
<u>0031/2011</u>	Clárú agus Cáilíochtaí Earcaíochta Múinteoirí — Iarbhunoideachas
<u>0044/2019</u>	Clárú agus Cáilíochtaí Earcaíochta Múinteoirí — Bunoideachas
<u>0025/2013</u>	Riachtanais do Mhúinteoirí i Scoileanna Aitheanta Cláraigh leis an gComhairle Mhúinteoireachta
<u>0052/2013</u>	Nósanna Imeachta maidir le Tosú Alt 30 i Scoileanna Aitheanta

FOILSEACHÁIN

Treoirínte do Bhunscoileanna Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha:

<https://www.gov.ie/ga/foilsíuchan/86519-ag-tacu-le-daltaí-a-bhfuil-riachtanais-speisialta-oideachais-acu-treoirínte-do-scoileanna/>

Treoirínte d'Iar-bhunscoileanna Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha:

<https://www.gov.ie/ga/foilsíuchan/86519-ag-tacu-le-daltaí-a-bhfuil-riachtanais-speisialta-oideachais-acu-treoirínte-do-scoileanna/>

An tUathachas Treoir do Scoileanna – Ag Tacú le Leanaí agus le Daoine Óga
[gov.ie An tUathachas Treoir do Scoileanna - Ag Tacú le Leanaí agus le Daoine Óga \(www.gov.ie\)](https://www.gov.ie/ga/foilsíuchan/86519-ag-tacu-le-daltaí-a-bhfuil-riachtanais-speisialta-oideachais-acu-treoirínte-do-scoileanna/)



AGUISÍN 2

Seoltaí na gColáistí/Ollscoileanna a thairgeann an Clár Dioplóma larchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta

1. Institiúid Oideachais OCBÁC

Seoladh	Institiúid Oideachais OCBÁC Scoil an Oideachais Chuimsithigh agus Speisialta, Campas Phádraig OCBÁC, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, DO9DYOO
Fón	Phone (01) 7009062
Suíomh Gréasáin	https://www.dcu.ie/inclusive_and_special_education/index.shtml
R-phost	ioe.ise@dcu.ie

2. Coláiste Mhuire gan Smál

Seoladh	Coláiste Mhuire gan Smál, An Roinn Síceolaíochta Oideachais, Oideachas Cuimsitheach agus Speisialta, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach V94VN26
Fón	(061) 204550
Facs	(061) 313632
Suíomh Gréasáin	https://www.mic.ul.ie/faculty-of-education/programme/graduate-diplomam-ed-in-special-educational-needs
R-phost	PGDISE@mic.ul.ie

3. Ollscoil na Gaillimhe

Seoladh	Ollscoil na Gaillimhe, An Scoil Oideachais, PDSEN, Bóthar na hOllscoile Gaillimhe		
Fón	(091) 492195	Facs	(091) 750538
Suíomh Gréasáin	Special Educational Needs (PDip) - University of Galway		



R-phost pdsen@universityofgalway.ie

4. OTA San Aingeal

Seoladh OTA San Aingeal
An tIonad um Riachtanais Speisialta Oideachais, Cuimsiú agus Éagsúlacht
Loch Gile,
Sligeach.

Fón (071) 9195552

R-phost csenid.stangelas@atu.ie

Suíomh [Special Education - Atlantic Technological University](http://www.atu.ie)
Gréasáin

5. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Seoladh Coláiste na hOllscoile,
An Rannóg Oideachais Speisialta,
Scoil an Oideachais,
Leeholme,
Corcaigh,
Corcaigh.

Fón (021) 4902465

Facs (021) 4270291

Suíomh www.ucc.ie
Gréasáin

R-phost Dan.OSullivan@ucc.ie

6. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Seoladh An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
An Scoil Oideachais
Belfield,
Baile Átha Cliath 4

Suíomh www.ucd.ie/education/study/diplomaprogrammes
Gréasáin

R-phost educationenquiries@ucd.ie

Foirm iarratais – Múinteoirí Iar-bhunscoile – Ciorclán 0035/2025

Clár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta — 2025/2026

Le bheith comhlánaithe ag Múinteoirí in Iar-bhunscoileanna nó i suíomhanna eile Oideachais, e.g., Idirghabhálacha, Ógtheagmháil, Seirbhísí Príosúin, etc. i bpoist atá maoinithe ag an Roinn Oideachais

Féach na sonraí thíos maidir le conas iarratas a dhéanamh chuig an gColáiste/Ollscoil de do rogha féin faoin 5pm ar an 6ú Meitheamh 2025.

Ní mór d'iarratasóirí OCBÁC iarratas a dhéanamh ar líne ag an nasc seo a leanas:

www.dcu.ie/gdise

Is féidir le hiarratasóirí Choláiste Mhuire Gan Smál an fhoirm iarratais a íoslódáil ag an nasc seo a leanas:

[Graduate Diploma/M Ed in Inclusive Special Education | Mary Immaculate College](#)

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais ar r-phost chuig PGDISE@mic.ul.ie

Is féidir le hiarratasóirí Ollscoil na Gaillimhe an fhoirm iarratais a íoslódáil ag an nasc seo a leanas:

[Special Educational Needs \(PDip\) - University of Galway](#)

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais ar r-phost chuig pdsen@universityofgalway.ie

Ní mór d'iarratasóirí OTA San Aingeal iarratas a dhéanamh ar líne ag an nasc seo a leanas:

[Special Education - Atlantic Technological University](#)

Ní mór d'iarratasóirí Choláiste an hOllscoile, Corcaigh, iarratas a dhéanamh ar líne ag an nasc seo a leanas:

<https://www.ucc.ie/en/study/postgrad/taughtcourses/pgdip/specialed/>

Ní mór d'iarratasóirí an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, foirm leictreonach a chomhlánú, atá ar fáil le híoslódáil ag an nasc:

<https://www.ucd.ie/education/study/diplomaprogrammes/>

1. Sonraí Pearsanta

Ainm	_____	Scoil	_____
Seoladh Baile:	_____	Seoladh & Éirchód na Scoile	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
Uimhir Fón Baile	_____	Uimh. Rolla na Scoile	_____
Uimhir Fón Póca	_____	Fón Scoile	_____
		Facs	_____
R-phost Pearsanta	_____	R-phost na Scoile	_____
Uimh. Párolla an Mhúinteora	_____	Príomhoide	_____

Luaigh an Bhliain a chomhlíon tú an t-ionduchtúchán agus riachtanas an CGO: _____

2. Sonraí Clárúcháin (De réir Theastas Clárúcháin nó Dheimhniú Litir Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta)

Uimhir Chlárúcháin an Mhúinteora	_____
An Earnáil Oideachais	_____

An bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda ☐ Tá ☐ Níl ☐
Síochána agat

* Ní mór cóip den Teastas Clárúcháin nó de Dheimhniú na Litreach Clárúcháin a bheith in éineacht leis an bhfoirm seo.

3. Post Teagaisc Faoi Láthair

(a) Cuir tic leis an gceann is fearr díobh seo a leanas a dhéanann cur síos ar do Stádas Fostaíochta faoi láthair:

Buan	☐
Conradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ)	☐
Conradh ar Théarma Seasta	☐

Eile, sonraigh le do thoil: _____

Má tá tú fostaithe i gcáil pháirtaimseartha, cé mhéad uair an chloig atá tú fostaithe? _____

(b) Cuir tic leis an gceann is fearr díobh seo a leanas a dhéanann cur síos ar an bpost teagaisc a bheidh agat in 2025/2026 (Is féidir leat tic a chur isteach i níos mó ná bosca amháin):

Post	✓ de réir mar is cuí
